V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA CÚIRTE

# CÚIRT BHREITHIÚNAIS

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Samhain 2022 – an Coimisiún Eorpach v Comhairle an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-24/20)** [1]

***(Caingean le haghaidh neamhniú – Cinneadh (AE) 2019/1754 – Aontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha – Airteagal 3(1) CFAE – Inniúlacht eisiach an Aontais – Airteagal 207 CFAE – Comhbheartas tráchtála – Gnéithe tráchtála de mhaoin intleachtúil – Airteagal 218(6) CFAE – Ceart tionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh – Leasú ag Comhairle an Aontais Eorpaigh ar an togra ón gCoimisiún – Airteagal 293(1) CFAE – Infheidhmeacht – Airteagail 4(3), 13(2) agus 17(2) CAE – Airteagal 2(1) CFAE – Prionsabail na tabhartha cumhachtaí, na cothromaíochta institiúidí agus an chomhair dhílis)***

(2023/C 24/02)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir*: an Coimisiún Eorpach (ionadaithe: F. Castillo de la Torre, I. Naglis agus J. Norris, ar dtús, agus F. Castillo de la Torre, M. Konstantinidis agus J. Norris ina dhiaidh sin, i gcáil Gníomhairí)

*Cosantóir:* Comhairle an Aontais Eorpaigh (ionadaithe: A. Antoniadis, M. Balta agus A.-L. Meyer, i gcáil Gníomhairí)

*Idiragraithe chun tacú leis na gcosantóir:* Ríocht na Beilge (ionadaithe: M. Jacobs, C. Pochet, agus M. Van Regemorter, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Seice (ionadaithe: K. Najmanová, H. Pešková, M. Smolek agus J. Vláčil, i gcáil Gníomhairí), An Phoblacht Heilléanach (ionadaithe: K. Boskovits agus M. Tassopoulou, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Fraince (ionadaithe: G. Bain, J.-L. Carré, A.-L. Desjonquères agus T. Stéhelin, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na Cróite (ionadaí: G. Vidović Mesarek, i gcáil Gníomhaire), Poblacht na hIodáile (ionadaithe: G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó P. Gentili, avvocato dello Stato), An Ungáir (ionadaithe: M. Z. Fehér agus K. Szíjjártó, i gcáil Gníomhairí), Ríocht na hÍsiltíre (ionadaithe: M. K. Bulterman agus J. Langer, i gcáil Gníomhairí), Poblacht na hOstaire (ionadaithe: A. Posch, E. Samoilova, J. Schmoll, i gcáil Gníomhairí, agus H. Tichy), Poblacht na Portaingéile (ionadaithe: P. Barros da Costa, L. Inez Fernandes, J. P. Palha agus R. Solnado Cruz ar dtús, i gcáil Gníomhairí, agus P. Barros da Costa, J. P. Palha agus R. Solnado Cruz ina dhiaidh sin, i gcáil Gníomhairí)

**An chuid oibríochtúil**

1. Cuirtear Airteagal 3 agus, a mhéid a thagraíonn sé do na Ballstáit, Airteagal 4 de Chinneadh (AE) 2019/1754 ón gComhairle an 7 Deireadh Fómhair 2019 maidir le haontachas an Aontais Eorpaigh le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ar neamhní.

2. Coimeádtar éifeachtaí na gcodanna de Chinneadh 2019/1754 arna gcur ar neamhní ar bun, a mhéid a bhaineann siad le Ballstáit a bhain úsáid cheana féin, ar dháta fógartha an bhreithiúnais seo, as an údarú dá bhforáiltear in Airteagal 3 den chinneadh sin, chun Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha a dhaingniú nó aontú di, in éineacht leis an Aontas Eorpach, go dtí go dtiocfaidh, laistigh de thréimhse réasúnach nach faide ná sé mhí ón dáta sin, cinneadh nua ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm.

3. Ordaítear do Chomhairle an Aontais Eorpaigh na costais a íoc.

4. Íocfaidh Ríocht na Beilge, Poblacht na Seice, an Phoblacht Heilléanach, Poblacht na Fraince, Poblacht na Cróite, Poblacht na hIodáile, an Ungáir, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na hOstaire agus Poblacht na Portaingéile as a gcostais féin.

(1) IO C 77, 09.03.2020

---

**Breithiúnas na Cúirte (an Mór-Dhlísheomra) an 22 Samhain 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Tribunal d'arrondissement de Luxembourg – Lucsamburg) – WM (C-37/20), Sovim SA (C-601/20) v Luxembourg Business Registers**

**(Cásanna uamtha C-37/20 agus C-601/20)** [1]

***(Tarchur chun réamhrialú – Úsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc – Treoir (AE) 2018/843 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 – Leasú ar an gcéad fhomhír d'Airteagal 30(5) den Treoir sin – Rochtain ag aon duine den phobal i gcoitinne ar fhaisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla – Bailíocht – Airteagail 7 agus 8 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Urraim ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh – Cosaint sonraí pearsanta)***

(2023/C 24/03)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Tribunal d'arrondissement de Luxembourg (Cúirt Dúiche, Lucsamburg)

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* WM (C-37/20), Sovim SA (C-601/20)

*Cosantóir:* Luxembourg Business Registers

**An chuid oibríochtúil**

Tá Airteagal 1(15)(c) de Threoir (AE) 2018/843 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 lena leasaítear Treoir (AE) 2015/849 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus le Treoir 2009/138/CE agus Treoir 2013/36/AE, neamhbhailí a mhéid a leasaíodh leis an chéad fhomhír d'Airteagal 30(5)(c) de Threoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le húsáid an chórais airgeadais chun sciúradh airgid nó maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 2005/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2006/70/CE ón gCoimisiún, ar chaoi lena bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 30(5)(c), sa leagan a leasaíodh, nach mór do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil faisnéis maidir le húinéirí tairbhiúla na n-eintiteas corparáideach agus na n-eintiteas dlíthiúil atá corpraithe ina gcríoch ar fáil i ngach cás d'aon duine den phobal i gcoitinne.

(1) IO C 103, 30.03.2020
IO C 35, 01.02.2021